## Foghlaim Scoláirí a mheas sa Seomra Ranga NTI

Teimpléad Pleanála don Aonad Foghlama seo

| |
|---|
| **1ú Bliain NTI** |
| Torthaí Foghlama i bhfócas: **(An rud is mian liom mo scoláirí a bheith ar eolas acu / a thuiscint / a bheith ábalta a dhéanamh sa sprioctheanga ag deireadh an aonaid seo)**<br><br>**1.10** tuairiscí, cuir i láthair nó fógraí simplí ar thopaicí coitianta a chur in iúl<br>**1.13 ceisteanna a chur agus a fhreagairt, agus smaointe**, mothúcháin **agus faisnéis a mhalartú ar thopaicí coitianta** i gcúrsaí laethúla<br>2.1 **patrúin teanga amhail** ord na bhfocal, an córas briathra**, ainmfhocail, aidiachtaí** agus gnásanna litrithe agus poncaíochta a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu<br>**3.4 roinnt gnéithe de thír / thíortha na sprioctheanga a shainaithint** agus a mhíniú i réimsí amhail an saol laethúil, caidreamh idirphearsanta, gnásanna agus iompraíochtaí, gnásanna sóisialta |
| **Measúnú: (Mar a bheidh a fhios agam go bhfuil a fhios acu**<br><br>Is féidir le scoláirí cur síos ar theach / árasán sa sprioctheanga agus leas a bhaint as réimse ainmfhocail agus aidiachtaí éagsúla.<br>Is féidir le scoláirí ceisteanna a bhaineann le teach a chur agus a fhreagairt |
| **Gníomhaíochtaí féideartha foghlama: (An rud a dhéanfaidh mé chun iad a thabhairt an fad sin)**<br>**Gníomhaíocht Tosaigh Mata Boird**: Cruthaíonn scoláirí liostaí s'acu féin d'fhocail / de nathanna a bhíonn de dhíth agus iad ag caint ar theach (ainmneacha na seomraí, aidiachtaí le cur síos ar na seomraí, is maith liom…mar…). Is féidir leis an múinteoir cur le liosta na scoláirí chun gluais téarmaí / nathanna a chruthú don aonad seo<br><br>**Cleachtadh**: Foclóir nua agus struchtúr a dhaingniú<br><br>**Gníomhaíocht bhearna eolais:** I mbeirteanna nó i ngrúpaí, meaitseálann scoláirí na cuir síos leis an teach ceart agus lorgaíonn teach gan cur síos air.  Cumann scoláirí cur síos don teach sin agus eolas ó na cuir síos scríofa eile in úsáid<br><br>**Gníomhaíocht Shínte:** Déanann scoláirí cur síos ar  theach amháin le scoláire eile ó bhéal agus déanann an scoláire sin iarracht é a tharraingt / na gnéithe a aibhsiú ar phictiúr<br><br>**Cleachtadh:** Dul siar ó chluas / ó bhéal ar cheisteanna agus freagraí a bhaineann le teach trí straitéisí éagsúla amhail "Snap" agus / nó "3 fhírinne agus bréag"<br><br>**Gníomhaíocht léitheoireachta:** I ngrúpaí de thriúr, cumann scoláirí réimse ceisteanna a mbeifeá ag iarraidh freagraí a fháil orthu agus tú ag cuardach lóistín ar líne.  Déanann siad taighde ansin ar líne agus   www.casamundo.de / www.casamundo.it/ www.casamundo.de / www.casamundo.fr in úsáid don sprioctheanga<br><br>**Tasc deireadh aonaid:**  ullmhaíonn agus tugann scoláirí cur i láthair gairid a dhéanann cur síos ar theach / árasán a ba mhaith leo a fháil ar cíos i dtír na sprioctheanga agus réimse ainmfhocail agus aidiachtaí éagsúla in úsáid acu. Ina dhiaidh sin, bíonn ceisteanna ó scoláirí agus / nó ón mhúinteoir<br><br>**Aithnítear sna gníomhaíochtaí nádúr agus seicheamh comhtháite shealbhú an dara teanga (glacach → táirgiúil)* |
| **Acmhainní:**<br>Luaschártaí a léiríonn téama an tí: is féidir iad seo a úsáid ar fud an aonaid trí chuir síos / ceisteanna / mar ghníomhaíocht meaitseála / do dhaingniú ó chluas agus ó bhéal<br>Suíomhanna gréasáin a fhógraíonn lóistín i dtír na ST |
| **Machnamh:**<br>Cad é ar éirigh go maith leis?<br>B'fhearr i bhfad dá … |